Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C/2025/6662

19.12.2025

GA Sraith C

Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh le haghaidh a n-úsáide agus/nó iad a úsáid

(Arna foilsiú de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 [1])

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6662)

Cinneadh lena ndeonaítear údarú

Uimhir thagartha an chinnidh [1]	Dáta an chinnidh	Ainm na substainte	Sealbhóir an údaraithe	Uimhir an údaraithe	Úsáid údaraithe	Dáta éaga na tréimhse athbhreithniúcháin	Na cúiseanna atá leis an gcinneadh
C(2025) 8315	12 Nollaig 2025	trí-ocsaíd chróimiam (Uimh. CE 215-607-8; Uimh. CAS 1333-82-0)	Poligalvanica S.a.s, Via Zanardelli, 86, 25013, Carpenedolo, BS, an Iodáil	REACH/25/44/0	Plátáil chróim fheidhmiúil lena ngabhann gné mhaisiúil ar shubstráití difriúla miotail arb é is aidhm di dromchla a chruthú lena mbaineann marthanacht ard agus ar a bhfuil cuma gheal nó neamhlonrach le haghaidh feidhmeanna hidrea-teirmea-sláintíochta agus gairis sábháilteachta san earnáil leighis, san earnáil tionsclaíochta agus san earnáil sláintíochta.	An 22 Bealtaine 2033	I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, na sochair shocheacnamaíocha a bhaineann le húsáid na substainte, is mó iad ná an baol do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaineann leis an úsáid chéanna, agus níl aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann a bheadh oiriúnach.

([1]) Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Údarú (europa.eu)

([1]) IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/6662/oj